2024/3195

20.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3195 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le suíomh Mhol GOVSATCOM

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 67(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2021/696 go n-áireofar sa chuid ar talamh de chomhpháirt Chumarsáid Satailíte Rialtais an Aontais Eorpaigh (GOVSATCOM) de Chlár Spáis an Aontais an bonneagar is gá chun gur féidir seirbhísí a sholáthar ([2]) d'úsáideoirí GOVSATCOM, do Mhol GOVSATCOM go háirithe.

(2) Beidh Mol GOVSATCOM ina phríomhghné den chuid ar talamh; ionchorprófar ann na feidhmeanna lárnacha uile chun an t-éileamh agus an soláthar a eagrú agus a bhainistiú. Leis an mol déanfar úsáideoirí GOVSATCOM a nascadh, ar bhealach slán, le soláthraithe acmhainneacht agus seirbhísí GOVSATCOM. Chun rioscaí do leanúnachas seirbhíse a mhaolú, ba cheart Mol de chuid GOVSATCOM a chur chun feidhme i roinnt suíomhanna fisiceacha.

(3) Chun na tairiscintí is fearr is féidir a mhealladh, bhí roghnú an tsuímh le haghaidh Mhol GOVSATCOM faoi réir próiseas oscailte trédhearcach. Chun na críche sin, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise chuig na Ballstáit uile chun an mol a óstáil. Ar an dul céanna leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán Airgeadais an Aontais ([3]), rinne coiste atá comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ('an coiste') meastóireacht ar na tograí sin ar bhonn critéir oibríochtúla agus airgeadais a bhaineann le ceanglais theicniúla Mhoil GOVSATCOM, slándáil (lena n-áirítear na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696 agus a leagtar amach i gCinneadh C(2023)3204 ón gCoimisiún), rioscaí, an sceideal maidir le himscaradh, agus costais. Bhí sé beartaithe leis an meastóireacht sin an cóimheas is buntáistí idir praghas agus caighdeán a bhaint amach.

(4) Mhol an Ghearmáin, an Ghréig agus an Iodáil Mol GOVSATCOM a bhunú in Köln, in Agios Ioannis agus in Fucino faoi seach. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na tograí agus tar éis an togra ón Iodáil a tharraingt siar, mhol an coiste na moil a óstáil ar na láithreáin in Agios Ioannis agus in Köln.

(5) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe chun cur chun feidhme rianúil an Chláir a áirithiú; Ní mór fógra a thabhairt do na Ballstáit a luaithe is féidir chun imscaradh tráthúil agus oibríochtúil an bhonneagair le haghaidh Mhol GOVSATCOM a áirithiú ionas go mbeidh sé oibríochtúil in am d'acmhainneacht oibríochtúil deiridh GOVSATCOM.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chláir a bhunaítear le hAirteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696, i gcumraíocht GOVSATCOM,

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.
([2]) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 ón gCoimisiún bunaítear punann sheirbhís GOVSATCOM.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh Moil GOVSATCOM suite in Agios Ioannis (an Ghréig) agus in Köln (an Ghearmáin), ar choinníoll go mbeidh comhaontú óstála tugtha i gcrích i bhfoirm comhaontú riaracháin ag an gCoimisiún agus ag gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann a bhfuil Mol de chuid GOVSATCOM á óstáil aige.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN